An Garda Síochána

Earcaíocht

GARDAÍ FAOI OILIÚINT

Eolas Cúlra:

Is é an Garda Síochána seirbhís náisiúnta póilíneachta agus slándála na hÉireann. Is é Misean an Gharda Síochána seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid.

An Ról:

Áirítear leis na feidhmeanna a bhíonn ag ball den Gharda Síochána, i measc feidhmeanna eile:

- slándáil ár náisiúin a chinntiú;
- coiriúlacht a chosc agus a bhrath;
- cur le sábháilteacht an phobail;
- líon na ngortuithe marfacha agus tromchúiseacha ar ár mbóithre a laghdú agus sábháilteacht ar na bóithre a fheabhsú;
- oibriú le pobail chun iompar frithshóisialta a chosc;
- cur chuige idirghníomhaireachta a chur chun cinn i leith réiteach fadhbanna agus an cháilíocht fhoriomlán saoil a fheabhsú.

An Duine Aonair:

Ní mór go mbeadh na hiarrthóirí ar phost an Gharda faoi Oiliúint ábalta ó thaobh sláinte agus corpacmhainne de, go mbeadh braistint láidir de spiorad pobail acu, go mbeidís báúil, agus go mbeidís paiseanta faoi chabhrú le daoine eile. Tá spéis faoi leith ag an nGarda Síochána i bhfir agus i mná atá páirteach i dtabhairt ar ais dá bpobal trí obair dheonach, bíodh sin i gCúltaca an Gharda Síochána, sna hÓglaigh Chúltaca, sa Chosaint Shibhialta nó in eagraíocht dheonach ar bith eile. Freastalaíonn an Garda Síochána ar an bpobal ar fad agus spreagann sé mná agus daoine ó ghrúpaí mionlaigh smaoineamh faoi ghairm sa phóilíneacht. Beidh na hiarrthóirí inmhianaithe dea-eagraithe, críochnúil, eiticiúil agus pointeáilte.

Spriocdháta:

Déardaoin, an 1 Meitheamh 2017

Tuilleadh Eolais:

Tá tuilleadh eolais le haghaidh iarrthóirí féideartha ar na suíomhanna gréasáin www.garda.ie, www.publicjobs.ie agus www.careersportal.ie. Tá eolas le fáil freisin ar leathanach Facebook an Gharda Síochána.

www.garda.ie